Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute of Technology

LEATHANACH EOLAIS TOSAIGH

Mic Léinn le deacrachtaí fisiceacha nó foghlama

Táimid tiomanta le tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do mhic léinn le míchumais sa dóigh go mbeidh siad ábalta a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá foirgneamh uile na hInstitiúide go hiomlán inrochtana siocair go bhfuil siad feistithe le hardaitheoirí , le doirse uathoibríocha agus le leithris inrochtana.

Má tá aon cheisteanna nó fadhbanna agat, bheidh foireann na Tacaíochta Foghlama in ann gach cuidiú a thabhairt duit agus má tá tacaíocht speisialta de dhíth ort chun do chuid staidéir san LYIT a éascú, ba chóir duit teaghmáil a dhéanamh le Saineolaí na Tacaíochta Foghlama (roisin.mccormack@lyit.ie) agus é sin a phlé léi.

Ag déanamh iarratais

Má tá míchumas, deacracht foghlama agat nó breoiteacht shuntasach leanúnach ort, gríosaítear thú le hiarratas a dhéanamh ar staidéar san LYIT. Cé nach gcaithfidh tú do thinneas a chur in iúl, molann muid duit tic a chur sa bhosca do mhíchumas nuair atá tú ag líonadh isteach an fhoirm don CAO agus fosta na foirmeacha d'eolas forlíontach a chomhlánú nuair a chuirfidh an CAO chugat iad. Cuideoidh sé seo leat an tairbhe is mó a bhaint as do shaol sa choláiste. Déanfaidh muid ár ndícheall, chomh fada agus is féidir, éascú a dhéanamh ar do rannpháirtíocht agus do rochtain ar an tsoláthar díobh seo a leanas, má tá a leitheid oiriúnach -

- Teagasc Tacaíochta don Fhoghlaim
- Cúntóirí pearsanta
- Oibritheoirí luastéacs – cáilíocht dearbhaithe ag Cumann Náisiúnta na mBodhar
- Teagasc i Scileanna Staidéir
- Tacaíocht discléise
- Fáil ar bhogearraí speisialaithe, m.sh. *Read and Write Gold*
- Fáil ar shocruithe speisialta do scrúduithe
- Fáil ar theicneolaíocht chúnta
- Fáil ar theagasc matamaitice.

Fianaise

Má tá tacaíocht speisialta de dhíth ort chun do chuid staidéair a éascú, caithfidh tú litir ó chomhairleoir nó ó speisialtóir a chur ar fáil dúinn mar fhianaise ar do mhíchumas. Sa chás go bhfuil deacracht foghlama faoi leith agat, caithfidh tú cóip de thuairisc síceolaí oideachasúil, eisithe laistigh de na cúig bliana deireanacha, a chur ar fáil dúinn fosta.

Déan teagmháil linn

Róisín Mc Cormack
Saineolaí i dTacaíocht Foghlama
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Bóthar an Chalaidh
Leitir Ceanainn
Co Dhún na nGall
(t) +35374 9186172
(e) roisin.mccormack@lyit.ie

Adrienne Kearns
Teagascóir Tacaíochta Foghlama
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
Bóthar an Chalaidh
Leitir Ceanainn
Co Dhún na nGall
(t) +35374 9186174
(e) adrienne.kearns@lyit.ie